Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11108 – MERIDIAM / AWSA I / AWSA II / A2 ROUTE / AESA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 234/05)

1. An 26 Meitheamh 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Meridiam SAS ('Meridiam', an Fhrainc),

— Autostrada Wielkopolska S.A. ('AWSA I', an Pholainn), Autostrada Wielkopolska II S.A. ('AWSA II', an Pholainn), Autostrada Eksploatacja S.A. ('AESA', an Pholainn), agus A2 Route sp. z o.o. ('A2 Route', an Pholainn).

Gheobhaidh Meridiam, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, rialú aonair ar AWSA I agus AWSA II ina n-iomláine agus rialú comhpháirteach ar AESA agus A2 Route.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir ciste infheistíochta malartach é Meridiam a dhéanann speisialtóireacht in infheistíochtaí fadtéarmacha i mbonneagar poiblí agus pobail san Eoraip, i gCríocha Mheiriceá agus san Afraic;

— Is cuideachta shainchuspóra é AWSA I a bhfuil lamháltas aige chun 149-ciliméadar - cuid Nowy Tomyśl-Konin - de mhótarbhealach dola A2 sa Pholainn ('Mótarbhealach A2') a thógáil agus a oibriú;

— Is cuideachta shainchuspóra é AWSA II a bhfuil lamháltas aige chun 106-ciliméadar - cuid Nowy Tomyśl-Świecko - de mhótarbhealach dola A2 sa Pholainn ('Mótarbhealach A2') a thógáil agus a oibriú;

— Is cuideachta oibriúcháin é A2 Route atá tiomnaithe d'oibreacha tógála agus cothabhála troma ar chodanna AWSA I agus AWSA II de Mhótarbhealach A2;

— Is cuideachta oibriúcháin é AESA atá freagrach as oibriú laethúil chodanna AWSA I agus AWSA II de Mhótarbhealach A2 (i.e. 255 chiliméadar - cuid Konin-Świecko).

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11108 – MERIDIAM / AWSA I / AWSA II / A2 ROUTE / AESA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË